



Cód lompair do rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí oiliúna

Cód iompair do rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí oiliúna

2022



Tugadh an lámhscríbhinn chun críche i mí na Bealtaine 2022

Níl Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) ná aon duine atá ag gníomhú thar a cheann freagrach as an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis atá san fhoilseachán seo.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022

Leagan clóite ISBN 978-92-9403-044-3 doi: 10.2847/92202 BZ-04-22-313-GA-C

Leagan PDF ISBN 978-92-9403-019-1 doi: 10.2847/0653 BZ-04-22-313-GA-N

© Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA), 2022

Grianghraf clúdaigh/léaráid: © iStock.com

Is ceadmhach seo a atáirgeadh ach aitheantas a thabhairt don fhoinse. Chun grianghraif nó ábhar eile nach bhfuil faoi chóipcheart EUAA a úsáid nó a atáirgeadh, ní mór cead a fháil go díreach ó shealbhóir an chóipchirt.



Clár Ábhar

1.	Cuspóirí agus raon feidhme	4
2.	Sainmhínithe	4
3.	Caighdeán ghairmiúla.....	5
4.	Sláine agus oibiachtúlacht	5
5.	Rúndacht	6
6.	Iompar Ginearálta	6
7.	Urraim don éagsúlacht agus don chomhionannas.....	6
8.	Cosc ar chiapadh.....	6
9.	Tuairisciú agus Smachtbhannaí	7
10.	Scaipeadh an Chóid Iompair	7
11.	Faireachán agus Athbhreithniú	8





1. Cuspóirí agus raon feidhme

- 1.1. Tá iompar gach rannpháirtí i ngníomhaíochtaí oiliúna Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (dá ngairtear 'EUAA' anseo feasta) lárnach do rath agus do chlú oiliúint EUAA.
- 1.2. Leagtar amach sa Chóid Iompair seo do rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí oiliúna EUAA (dá ngairtear 'Cód Iompair' anseo feasta) na caighdeáin iompair a bhfuiltear ag súil leo ó rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí oiliúna EUAA. Tá sé de fhreagracht ar gach rannpháirtí eolas a chur ar ábhar an Chóid Iompair seo agus é a chomhlíonadh i gcónaí agus iad ag rannpháirtíú i ngníomhaíochtaí oiliúna EUAA.
- 1.3. Síneoidh gach rannpháirtí dearbhú maidir le comhlíonadh an Chóid Iompair.

2. Sainmhínte

- 2.1. Ciallaíonn 'gníomhaíochtaí oiliúna EUAA' na gníomhaíochtaí uile a bhaineann le pleanáil, dearadh, forbairt, soláthar, faireachán, agus meastóireacht a dhéanamh ar oiliúint EUAA, lena n-áirítear gníomhaíochtaí measúnaithe agus deimhniúcháin, chomh maith leis na gníomhaíochtaí coimhdeacha riaracháin uile.
- 2.2. Ciallaíonn 'duine atá ag cur le gníomhaíochtaí oiliúna EUAA' aon duine a dtugann EUAA nó riarachán náisiúnta údarú nó treoir dó nó di cúraimí a dhéanamh i dtaca le gníomhaíochtaí oiliúna EUAA, cé is moite d'fhoghlaimoirí a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí oiliúna EUAA.
- 2.3. Ciallaíonn 'rannpháirtithe' i ngníomhaíochtaí oiliúna EUAA daoine a rannchuidíonn le gníomhaíochtaí oiliúna EUAA (de réir bhrí roinn 2.2), foghlaimoirí, agus gach ball foirne tacaíochta riaracháin.
- 2.4. Ciallaíonn 'lárionad' Lárionad Oiliúna agus Forbartha Gairmiúla EUAA.
- 2.5. Ciallaíonn 'timpeallacht oiliúna' an spás fisiceach nó fíorúil ina ndéantar na gníomhaíochtaí oiliúna.
- 2.6. Ciallaíonn 'coinbhleacht leasa' staid ina gcuirtear as d'fheidhmiú neamhchlaonta oibiachtúil feidhmeanna duine aonair mar gheall ar leasanna eacnamaíocha nó airgeadais, naisc theaghlaigh nó mhothúcháinacha, nó aon leas eile i bpáirtí eile.
- 2.7. Is éard is 'faisnéis rúnda' (¹) ann faisnéis lena sonraítear amhlaidh agus ar féidir le duine aonair rochtain a fháil uirthi le linn dóibh a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí oiliúna EUAA, agus a bhfuil toirmeasc, i bprionsabal, ar a nochtadh do thríú páirtithe. I measc na samplaí tá sonraí pearsanta, gráid aonair foghlaimoirí agus bainc measúnuithe.
- 2.8. Ciallaíonn 'idirdhealú' aon chóir éagórach nó aon ghníomhaíocht threallach nó idirdhealú atá bunaithe ar ghnéas, cine, dath, bunús eitneach nó sóisialta duine, airíonna

(¹) D'fhonn amhras a sheachaint: chun críche an Chinnidh seo, ní thagraíonn 'faisnéis rúnda' do 'CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL' de réir bhrí Airteagal 3(2)(c) de Chinneadh (AE, EURATOM) ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe AE a chosaint.





- géiniteacha, teanga, reiligiún, nó creideamh, tuairimí polaitiúla nó tuairimí eile, ballraíocht i mionlach, maoin, breith, míchumas, aois nó claonadh gnéasach.
- 2.9. Ciallaíonn ‘ciapadh’ aon iompar míchuí nó aon iompar nach bhfuil fáilte roimhe a bhféadfaí a bheith ag súil leis le réasún gur iompar é atá ina chúis le cion nó le náiriú do dhuine eile. D’fhéadfadh an ciapadh a bheith i bhfoirm focal, gothaí nó gníomhartha a chuireann isteach ar dhaoine, a chuireann imní orthu, a dhéantar chun mí-úsáid a bhaint astu, a chuireann imeagla orthu, lena ndéantar beag is fiú díobh, a náiríonn iad nó lena gcruthaítear timpeallacht oibre imeaglaithe, naimhdeach nó mhaslach.
- 2.10. Ciallaíonn ‘ciapadh gnéasach’ iompar ó bhéal nó iompar fisiceach de chineál gnéasach nach bhfuil fáilte roimhe. I measc na samplaí, ach gan a bheith teoranta dóibh, tá cluanaireacht ghnéasach, iarrataí ar fhabhair ghnéasacha, teagmháil, scéalta grinn, tuairimí, agus foréigean gnéasach.

3. Caighdeáin ghairmiúla

- 3.1. Ní mór do dhaoine a rannchuidíonn le gníomhaíochtaí oiliúna EUAA a gcúraimí sannta a dhéanamh chomh maith agus is féidir leo, na téarmaí tagartha ábhartha a chomhlíonadh agus a bheith freagrach as cáilíocht a gcuid oibre a chothabháil, go háirithe trí am leordhóthanach a thabhairt do na cúraimí a shanntar dóibh.
- 3.2. Ní mór do dhaoine a rannchuidíonn le gníomhaíochtaí oiliúna EUAA a ndícheall a dhéanamh oibriú ar bhealach comhghleacúil agus comhoibritheach leis na geallsealbhóirí ábhartha go léir agus a bheith oscailte aiseolas cuiditheach a fháil agus freagairt go dearfach dó. Moltar dóibh tacaíocht agus treoir a lorg nuair is gá.

4. Sláine agus oibiachtúlacht

- 4.1. Níor chóir do dhaoine a rannchuidíonn le gníomhaíochtaí oiliúna EUAA a gcúraimí a dhéanamh ar bhealach oibiachtúil neamhchlaonta.
- 4.2. Ní mór dóibh staonadh ó leas a bhaint as a ról maidir le gnóthachan pearsanta aindleathach ar bith agus ar bhealach a dhéanann dochar do chlú oiliúint EUAA.
- 4.3. Níor chóir dóibh glacadh le bronntanais a d’fhéadfadh iad a chur, nó a mheastar a d’fhéadfadh iad a chur, faoi oibleagáid a d’fhéadfadh tionchar a imirt orthu i gcomhlíonadh a dtascanna.
- 4.4. Má bhíonn siad i staid coinbhleachta leasa, ba cheart dóibh staonadh láithreach ó ghníomhaíochtaí oiliúna EUAA a shaothrú ar ina leith a dtáinig an choinbhleacht leasa chun cinn, agus ba cheart dóibh an t-ábhar a chur ar an eolas gan mhoill óna neasmhaoirseoir agus ón Lárionad, a thabharfaidh treoir iomchuí dóibh.





5. Rúndacht

- 5.1. Ní ceadmhach do dhaoine a rannchuidíonn le gníomhaíochtaí oiliúna EUAA aon fhaisnéis rúnda a nochtadh do thríú páirtithe neamhúdairithe. Leanann an oibleagáid sin ar aghaidh tar éis dóibh scor dá gcúraimí agus go dtí go n-údaróidh an Gníomhaireacht nochtadh poiblí na faisnéise sin nó go dtí go mbeidh ceangal dlíthiúil orthu í a nochtadh.

6. Iompar Ginearálta

- 6.1. Ní mór do rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí oiliúna EUAA teorainneacha gairmiúla a choinneáil ar bun i gcónaí, ní mór dóibh a bheith cothrom, cúirtéiseach agus measúil i leith daoine eile.
- 6.2. Ní mór dóibh iad féin a iompar ar bhealach atá íogair ó thaobh an chultúir de, go háirithe i gcásanna ina n-idirghníomhaíonn siad le daoine aonair ó chúlraí cultúrtha éagsúla.
- 6.3. Ní mór dóibh staonadh ó bheith faoi thionchar drugaí, alcóil nó substaintí aindleathacha eile nó óna n-iaréifeachtaí agus iad ag rannpháirtiú i ngníomhaíochtaí oiliúna na Gníomhaireachta.
- 6.4. Ní mór dóibh cloí leis na beartais agus leis na nósanna imeachta ábhartha is infheidhme maidir lena gcúraimí nó lena bhfeidhm, chomh maith leis na dlíthe agus na rialacháin uile is infheidhme, go háirithe maidir le cúrsaí sláinte agus sábháilteachta.

7. Urraim don éagsúlacht agus don chomhionannas

- 7.1. Tá freagracht ar rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí oiliúna EUAA cur le timpeallacht ina gcuirtear éagsúlacht, comhionannas agus cuimsitheacht chun cinn. Níor cheart dóibh idirdhealú a dhéanamh i gcoinne aon duine aonair le linn dóibh a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí oiliúna EUAA.

8. Cosc ar chiapadh

- 8.1. Ní mór do rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí oiliúna EUAA staonadh ó aon ghníomh ciaptha nó gnéaschiaptha i gcoinne aon duine aonair.
- 8.2. Nuair a tharlaíonn ciapadh nó gnéaschiapadh agus gur garbhagairt nó garbhaol é do shábháilteacht nó d'fholláine daoine eile, tá sé de cheart ag an oiliúnóir nó ag duine freagrach eile gníomhaíochtaí comhréireacha a dhéanamh láithreach chun aghaidh a thabhairt ar an gcás, lena n-áirítear trí iarraidh ar dhéantóir na coire an timpeallacht oiliúna a fhágáil.





9. Tuairisciú agus Smachtbhannaí

- 9.1. Aon duine a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí oiliúna EUAA agus a bhfuil cúis aige a chreidiúint gur tharla sárú ar an gCód Iompair seo nó gur dócha go dtarlóidh sé, ba cheart dó an t-ábhar a thuairisciú don Ghníomhaireacht gan mhoill.
- 9.2. Bunóidh an Ghníomhaireacht nós imeachta tiomnaithe chun bainistiú a dhéanamh ar thuarascálacha ar shárúithe ar an gCód Iompair seo, a leagtar síos i dtreoirlínte maidir leis an nós imeachta um ghearáin oiliúna. Cuirfear gearán, ina dtugtar tuairisc ar imthosca na sárúithe amhrasta, chuig an seoladh ríomhphoist ainmnithe trí úsáid a bhaint as teimpléad na foirme gearáin a chuirtear ar fáil leis na treoirlínte.
- 9.3. Imscrúdóidh an Ghníomhaireacht imthosca an teagmhais a thuairiscítear sa ghearán agus déanfaidh sí aon bhearta iomchuí agus comhréireacha chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist agus/nó chun atarlú na faidhbe a chosc.
- 9.4. I gcásanna tromchúiseacha agus i gcásanna atá ar feitheamh cinneadh críochnaitheach maidir leis an ngearán, i gcás ina bhfuil cúis chuí lena chreidiúint go gcuirtear sábháilteacht nó folláine na rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí oiliúna EUAA i mbaol, féadfaidh an Ghníomhaireacht bearta eastramhacha a dhéanamh i leith na ndaoine aonair lena mbaineann i gcás inar gá, lena n-áirítear bearta chun na daoine aonair sin a eisiamh go sealadach ó bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí oiliúna na Gníomhaireachta.
- 9.5. Níor cheart aon duine aonair a bheith faoi réir frithchaingean mar gheall ar ghearán a bheith déanta faoin alt seo.
- 9.6. Forchoimeádann EUAA an ceart chun cásanna de shárúithe ar an gCód Iompair seo a dhéanamh duine aonair nach bhfuil i gcaidreamh fostaíochta ná conarthach leis an nGníomhaireacht a tharchur chuig eagraíocht fostaíochta nó chonarthach an duine aonair, de réir mar is gá. Beag beann ar an gcinneadh a dhéanfaidh an eagraíocht fostaíochta nó chonarthach dá thoradh, déanfaidh EUAA an cinneadh maidir le rannpháirtíocht bhreise an duine lena mbaineann ina ngníomhaíochtaí oiliúna.

10. Scaipeadh an Chóid Iompair

- 10.1. Déanfaidh EUAA gach iarracht chun a áirithiú go dtarraingeofar aird na rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí oiliúna na Gníomhaireachta ar an gCód Iompair seo. Cuirfear faisnéisiú ar fáil dóibh nuair a bheidh siad rannpháirteach i ngníomhaíochtaí oiliúna.
- 10.2. Déanfaidh lucht riaracháin náisiúnta tearmainn agus glactha gach iarracht an Cód Iompair seo a chur in iúl do dhaoine a bhfuil cúraimí á ndéanamh acu i dtimpeallacht na hoiliúna.
- 10.3. Tá an Cód Iompair seo ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin EUAA.





11. Faireachán agus Athbhreithniú

- 11.1. Déanfaidh EUAA faireachán ar chur i bhfeidhm an Chóid Iompair seo ar bhonn rialta agus déanfaidh sé é a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta, de réir mar is gá.





Publications Office
of the European Union

